CÁRTAÍ SCILE

Seachaint - Céim Leataoibh

Agus seilbh na liathróide agat, úsaidtear an chéim leataoibh chun céile comhraic a sheachaint

Teicníc

Céim ar leataobh agus ansin ar ais arís atá anseo chun seachaint a dhéanamh ar an gcéile comhraic agus seilbh na liathróide a choineáil

Cloigeann

Aghaidh ar do chéile comhraic ionas go mbeidh a fhios agat cá bhfuil na cosa le cur sula mbogfaidh tú leat i dtreo eile.

Cosa

Cos tosaigh i dtaca os comhair do chéile comhraic amach
Leag do mheáchan ar an gcos i dtaca agus athraigh an meáchan chun an chos eile a chur ar chosán nua agus ar aghaidh leat

Lámha

Bíodh tugtha ionas go mbeidh an liathróid slán i do lámha agus an buille ó chos go lámh an chéim leataoibh á tabhairt

Príomh-Phointí

1. Rith i dtreo do chéile comhraic

   Nuair a bhíonn tú tuairim méadar uaithi, cuir an chos tosaigh i dtaca. Éirigh aníos den chos i dtaca agus aistrigh do mheáchan chuig an taobh eile

2. Cuir an chos eile i dtaca agus imigh leat ar chosán eile

   Malartaigh na taobhanna

Botúin Choitianta

Botún 1

☹ Is minic nach n-aistríonn imreoirí óga an meáchan chuig an chos atá i dtaca. Fágann sin go mbíonn deacracht acu leis an teicníc nuair a bhíonn siad ag gluaiseacht agus go dtiteann siad dá bharr

☺ Chun sin a shárú cinntigh go n-aistrítear an meáchan ón gcos atá chun cinn go dtí an chos atá i dtaca ag an am a gcrochtar an chos tosaigh

Botún 2

☹ Is minic iomarca céimeanna á dtógáil chun dul thar chéile comhraic

☺ Chun sin a sheachaint aimsigh do chosán arís a luaithe agus is féidir leat. Preab an liathróid ansin, glac seilbh arís gan an iomarca céimeanna a ghlacadh.